Coimisiún na Meán

# Scéim na Meán Pobail

# Babhta 1: Treoir d’Iarratasóirí

Dáta foilsithe:
23 Iúil 2026

Spriocdháta d’Iarratais:
20 Lúnasa 2026 ag meán lae

OFFICIAL

# Clár Ábhair


**1. Réamhrá** **4**

**2. Aidhmeanna agus Cuspóirí** **5**

2.1 Aidhmeanna 5

2.2 Sainmhíniú ar Shochar Sóisialta 5

2.3 Cineálacha Sochair Shóisialta 5

2.4 Cuspóirí 6

**3. Incháilitheacht/Cé ar féidir leis iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú** **6**

**4. Cé mhéad maoinithe atá ar fáil** **7**

4.1 Tairseacha Maoinithe 7

4.2 Cad is féidir a mhaoiniú? 7

4.3 Tacaíocht maoinithe: Costais incháilithe 8

4.4 Cad is Costais Incháilithe ann? 9

**5. Conas iarratas a dhéanamh** **9**

5.1 Iarratas a chur isteach 9

5.2 Foirm Iarratais 10

5.3 Clárú 10

5.4 Liosta Seiceála Iarratais 10

5.5 Cruinneas na Faisnéise 11

5.6 Dáta deiridh 11

5.7 Ábhar Rúnda 11

5.8 Saoráil Faisnéise 11

5.9 Cosaint Sonraí 11

5.10 Coinbhleachtaí Leasa 12

5.11 Maoiniú Státchabhrach 12
5.12 Cabhair De Minimis 12

5.13 Ceanglais Faireacháin & Tuairiscithe 13

5.14 An tAcht um Thús Áite do Leanaí 13

**6. Faisnéis Airgeadais 13**

**7. Treoirlínte Buiséid agus Nótaí Buiséid 14**

**8. Nós imeachta um Measúnú 15**

8.1 Measúnú Réamhtheachtach 15

8.2 Measúnú Cáilíochtúil 15

8.3 Measúnú Straitéiseach 16

8.4 Daingniú an Choimisinéara 16

8.5 An Próiseas Chinnteoireachta 16

8.6 Cinntí Maoinithe 17

8.7 Conraitheoireacht agus tarraingt anuas cistí 18

8.8 Tuairisciú 18

8.9 Iniúchadh 18

8.10 Dúbláil Maoinithe 18

8.11 Séanadh 19

Aguisín 1 - Maitrísí Scórála Measúnaithe 20

Maitrís Scórála Réamh-mheasúnaithe 20
Maitrís Scórála an Mheasúnaithe Cháilíochtúil 21
Maitrís Scórála an Mheasúnaithe Straitéisigh 22

# 1. Réamhrá

Is é Coimisiún na Meán (“an Coimisiún”) gníomhaireacht na hÉireann atá freagrach as tírdhreach meán a fhorbairt agus a rialáil atá rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa.Déanaimid raon leathan gníomhaíochtaí chun tacú le hearnáil na meán in Éirinn agus chun cabhrú le hábhar a fhorbairt do lucht féachana na hÉireann a léiríonn an tsochaí in Éirinn agus a mhúnlaíonn í. Áirítear ar na gníomhaíochtaí sin scéimeanna maoinithe a fhorbairt agus a oibriú, chomh maith le cláir foghlama agus forbartha earnála a chur i bhfeidhm. Oibrímid freisin le craoltóirí chun comhionannas inscne, cothroime, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn go leanúnach in earnáil na meán in Éirinn.

Foráiltear le halt 154(5) den Acht Craolacháin 2009 go bhféadfaidh an Coimisiún, agus scéim á hullmhú aige, aird a thabhairt ar riachtanais forbartha craoltóirí pobail. Ina theannta sin, i moladh 6-7 ón gCoimisiún um Thodhchaí na Meán, moladh Scéim Meán Pobail a bhunú, agus thángthas ar an gconclúid go raibh gá sonrach le sásra tacaíochta a bhunú do na meáin phobail.

Chinntigh an tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, an tUas. Patrick O’Donovan, TD, €1m i mBuiséad 2026 chun Scéim Meán Pobail a fhorbairt chun ‘an ról fíorluachmhar atá ag na meáin phobail i rannpháirteachas agus comhtháthú pobail, agus i gcur chun cinn an chuimsithe shóisialta i bpobail ar fud an Stáit, a léiriú’. Sa chomhthéacs seo, tá Scéim Meán Pobail phíolótach bunaithe chun tacú le forbairt earnáil na meán pobail.

Táthar ag súil go bhfreastalóidh craoltóirí meán pobail ar phobal geografach nó ar phobal leasa atá sainithe go soiléir; go gcuirfidh siad rannpháirtíocht ghníomhach an phobail sin chun cinn agus go dtacóidh siad léi ag gach leibhéal den oibríocht; agus go bhfeidhmeoidh siad ar bhealach atá ag teacht leis an éiteas nó leis an gcóras luachanna a bhonnú gníomhaíocht an phobail.

Is é príomhchuspóir na Scéime tacú leis an earnáil meán pobail chun a rannchuidiú le leas an phobail a neartú.Tá sé mar aidhm ag an Scéim tacú le hearnáil na meán pobail — earnáil atá inbhuanaithe, cuimsitheach agus rannpháirteach agus a sholáthraíonn tairbhe shóisialta — trí acmhainneacht eagraíochtúil agus oibríochtúil a neartú, trí fhorbairt scileanna a fheabhsú trí oiliúint, agus trí chumasú d’eagraíochtaí meán pobail freastal níos fearr a dhéanamh ar lucht féachana agus éisteachta éagsúil agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn.

Is é cuspóir na cáipéise seo (“an Treoir”) treoir a thabhairt d’iarratasóirí ionchasacha maidir leis na nithe seo a leanas: cad is féidir leis an Scéim a mhaoiniú; cé ar féidir leis iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú; agus conas iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú. Cuirtear faisnéis ar fáil ann freisin maidir leis an bpróiseas measúnaithe, an fógra faoi chinntí maoinithe agus na chéad chéimeanna eile d’iarratasóirí rathúla.

Ba cheart do gach iarratasóir an cáipéis seo a léamh sula líonfaidh siad foirm oifigiúil iarratais agus sula gcuirfidh siad isteach í ar cnam.submit.com. Tá sé de fhreagracht ar iarratasóirí a chinntiú go ndéanann siad tagairt don Treoir d’Iarratasóirí ábhartha agus don fhoirm iarratais ghaolmhar agus iad ag ullmhú a n-iarratais.

# 2. Aidhmeanna agus Cuspóirí

## 2.1 Aidhmeanna

Tá aidhmeanna na Scéime bunaithe ar an mBeartas um Mheáin Phobail agus ar an gCreat um Shochar Sóisialta a seoladh in 2021 d'fhonn tacú le forbairt na craoltóireachta pobail.

Tá sé mar aidhm ag an Scéim deis a thabhairt do Chraoltóirí Pobail acmhainneacht a fhorbairt chun a sainchúram sochair shóisialta a chomhlíonadh ar bhealach níos iomláine, de réir mar atá leagtha amach ina Ráitis Bheartais Cláir agus Cur Síos Seirbhíse.

Tá sainmhíniú agus cineálacha na sochair shóisialta leagtha amach mar a leanas i gCreat na Sochair Shóisialta do chraoltóirí pobail.

## 2.2 Sainmhíniú ar Shochar Sóisialta

"Sochair do dhaoine aonair nó do ghníomhaithe comhchoiteanna sa phobal a fheabhsaíonn a saol ó thaobh sóisialta, cultúrtha nó eacnamaíoch de, nó ó thaobh forbartha, cumhachtaithe agus/nó folláine de, nach mbeadh tagtha chun cinn murach sin."

## 2.3 Cineálacha Sochair Shóisialta

- Tá daoine aonair, go háirithe mionlaigh agus daoine atá imeallaithe, ag éirí níos muiníní agus níos cruthaithí agus/nó ag treisiú a mbraite muintearais, go díreach de bharr a rannpháirtíochta leis an Stáisiún.
- Tá daoine aonair ag feabhsú a n-ionchas fostaíochta trí scileanna agus muinín a ghnóthú.
- Tá baill den phobal ar an eolas agus feasach ar a bhfuil ag tarlú ina bpobal.
- Tá baill den phobal ag freagairt ar bhealach níos éifeachtaí do shaincheisteanna – ó chinn áitiúla go cinn dhomhanda – toisc go bhfuil rochtain acu ar dhearcthaí éagsúla agus ar fhaisnéis níos fairsinge agus níos fearr.
- Tugtar éascaíocht do ghníomhaithe comhchoiteanna (eagraíochtaí pobalbhunaithe, eagraíochtaí neamhrialtasacha srl.) agus treisítear a n-acmhainneacht chun a gcuspóirí a bhaint amach.
- Feabhsaítear braistint féiniúlachta agus comhtháiteachta an phobail.
- Tacú le forbairt earnáil na craoltóireachta pobail trí chuidiú le torthaí a fheabhsú ar fud réimsí na bainistíochta, na n-oibríochtaí, an léiriúcháin agus na craoltóireachta i stáisiúin raidió pobail agus trí chuidiú lena n-inbhuanaitheacht.

### 2.4 Cuspóirí

Seo a leanas cuspóirí na Scéime:

- **Rannchuidiú earnáil na meán pobail i leith an tsochair shóisialta a neartú** trí thacú le cleachtais agus gníomhaíochtaí atá dírithe ar shochair shóisialta intomhaiste a sholáthar i gcomhréir le Creat um Shochar Sóisialta an Choimisiúin.
- **Tacú le deiseanna oiliúna agus forbartha gairmiúla** chun acmhainneacht a fhorbairt in earnáil na Meán Pobail, inbhuanaitheacht an lucht saothair a neartú agus rannpháirtíocht a spreagadh.
- **Acmhainneacht tiomsaithe** airgid a neartú agus foinsí maoinithe a éagsúlú agus a bhainistiú, rud a fheabhsóidh inbhuanaitheacht eagraíochtúil fhadtéarmach in earnáil na Meán Pobail.
- Athléimneacht airgeadais agus eagraíochtúil eagraíochtaí meán pobail a fheabhsú trí thacú le **rialachas, bainistiú boird, pleanáil straitéiseach agus ullmhacht don todhchaí** chun inmharthanacht agus cuntasacht fhadtéarmach a chinntiú agus luach poiblí á sholáthar.
- **Comhoibriú idir eagraíochtaí a spreagadh,** amhail cláir mheantóireachta agus/nó comhoibriú rannpháirteach agus comhthairbheach le heagraíochtaí amhail institiúidí ardoideachais agus breisoideachais, leabharlanna, eagraíochtaí Gaeilge agus grúpaí ionchuimsitheacha eile, ach gan a bheith teoranta dóibh sin.
- **Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn agus a neartú i ngníomhaíochtaí** rannpháirtíochta, for-rochtana, caidrimh agus forbartha eagraíochtúla na Meán Pobail.
- **Tacú le tionscnaimh inrochtaineachta** lena gcumasaítear do dhaoine faoi mhíchumas páirt níos leithne a ghlacadh sna Meáin Phobail agus lena neartaítear caidreamh pobail le grúpaí tearcionadaithe agus imeallaithe, rud a thacóidh le comhtháthú pobail agus tuiscint idirchultúrtha.
- **Rannpháirtíocht oibrithe deonacha agus rannchuiditheoirí pobail a mhealladh, agus ar an gcaoi sin rannpháirteachas** poiblí agus ionadaíocht pobail a mhéadú.
- Tacú le tionchar an tsochair shóisialta trí acmhainneacht na meán pobail a fheabhsú chun cuimsiú **sóisialta, litearthacht sna meáin, tionscnaimh frith-bhréagaisnéise agus rannpháirteachas daonlathach a chur chun cinn,** agus chun ábhar seirbhíse poiblí áitiúil, cultúr agus féiniúlacht a threisiú.

# 3. Incháilitheacht/Cé ar féidir leis iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú

Níl an Scéim ar fáil ach do chraoltóirí teilifíse pobail atá ceadúnaithe go hiomlán ag an gCoimisiún, agus do sheirbhísí craolacháin fuaime pobail nó pobail leasa choitinn.Caithfidh iarratasóirí a bheith ina n-eintitis rialáilte tráth an iarratais, agus ní féidir le seirbhísí píolótacha iarratas a dhéanamh.

Maidir leis sin, cuireann an beart maoiniú deontais ar fáil do sheirbhísí craolacháin pobail a bhfuil ceadúnas iomlán acu agus:

- Rialachas Corparáideach agus Bainistíocht Airgeadais éifeachtach a léiriú;

- Cuntais bhliantúla a chomhlíonann na ceanglais a fhoilsiú;
- Taifead maith comhlíontachta leis an gCoimisiún a bheith aige/aici; agus
- Ní mór ríomhphost nó litir a chur ar fáil ó bheirt sínitheoirí údaraithe ón stáisiún — lena n-áirítear ball amháin ar a laghad den Bhord nó den Choiste Bainistíochta — ag dearbhú tacaíochta don iarratas.

# 4. Cé mhéad maoinithe atá ar fáil

Tá €1 mhilliún leithdháilte ag an Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, an tUasal Patrick O Donovan, TD, ar Scéim na Meán Pobail. Cumhdaítear leis an maoiniú sin deontais agus costais riaracháin na Scéime. Leithdháilfidh an Coimisiún maoiniú trí chóras babhtaí maoinithe iomaíocha. Cinnfidh an Coimisiún líon na mbabhtaí maoinithe, a n-uainiú agus leibhéal an mhaoinithe a chuirfear ar fáil, faoi réir roinnt tosca, lena n-áirítear infhaighteacht maoinithe, toradh phróiseas an Bhuiséid 2027 agus leaganacha féideartha den Scéim amach anseo.

## 4.1 Tairseacha Maoinithe

Beidh an tsolúbthacht ag an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh, ar bhonn cás ar chás, maidir leis an gcur chuige is iomchuí i leith leithdháileadh cistiúcháin ar iarratasóirí deontais agus beidh sé de rogha aige cistiú a dhámhachtain, de réir mar is cuí leis.

Go ginearálta, leithdháilfidh an Coimisiún deontais faoi Scéim Meán Pobail (“an Scéim”) a chumhdóidh costais incháilithe uile an togra agus forchostais a bhaineann go díreach leis.

Tugtar sa tábla seo a leanas sampla de na tairseacha maoinithe atá ar fáil:

| Tairseacha Maoinithe | |
|---|---|
| **Íosmhéid** | **Uasmhéid** |
| €30,000 | €65,000 |

Forchoimeádann an Coimisiún an ceart chun méid maoinithe níos ísle ná mar a iarradh a thairiscint d’iarratasóir. I gcásanna ina dtarlaíonn sé seo, cuirfidh an Coimisiún aiseolas agus réasúnú ar fáil maidir leis an gcinneadh seo.

## 4.2 Cad is féidir a mhaoiniú?

Is é cuspóir na Scéime tacú le tograí do thionscadail agus do ghníomhaíochtaí a fhéachann le cur leis an rannchuidiú uathúil a dhéanann na Meáin Phobail i dtaca le leas sóisialta, agus ar an gcaoi sin tairbhe shóisialta a bhaint amach ar an leibhéal áitiúil i measc pobal agus pobal a bhfuil leas nó spéis ar leith acu. Tá sé mar aidhm ag an tacaíocht airgeadais d’fhorbairt teilifíse pobail agus craoltóirí fuaime pobail/pobail spéise/sainspéise tionchar dearfach a imirt ar a gcumas agus a n-inbhuanaitheacht agus féadfaidh sé tionscadail agus gníomhaíochtaí a bhaineann le réimsí ar nós, ach gan a bheith teoranta dóibh, a áireamh:

**For-rochtain, rannpháirtíocht agus cuimsiú**: Tionscnaimh a chuireann rannpháirtíocht pobail i measc craoltóirí meán pobail agus ina ngníomhaíochtaí chun cinn. Tionscadail nó imeachtaí bunaithe ar ghníomhaíochtaí, i.e. tionscnaimh rannpháirtíochta poiblí/tiomsaithe airgid, sraith ceardlann/gníomhaíochtaí for-rochtana pobail agus/nó tionscadail atá dírithe ar chur chun cinn na litearthachta sna meáin.

**Oiliúint, oideachas agus foghlaim earnála**: I réimsí amhail, ach gan a bheith teoranta do, iriseoireacht, taighde, léiriú fuaime/físe, forbairt eagraíochtúil, comhlíonadh, riarachán, rialachas, bainistíocht airgeadais, ceannaireacht iontaobhaithe agus oibrithe deonacha, oiliúint do chomhaltaí boird lena n-áirítear rannpháirtíocht i gcúrsaí agus raon feidhme pleananna oiliúna spriocdhírithe a shainiú agus iad a fhorbairt.

**Forbairt Eagraíochtúil, Ceannaireachta agus Rialachais**: Tionscadail i réimsí amhail riarachán, rialachas, forbairt boird, scríobh iarratas ar dheontais, soláthar agus riarachán, forbairt comhpháirtíochta agus comhoibrithe agus forbairt tiomsaithe airgid, lena n-áirítear tacaíocht do shaineolas seachtrach/do chomhairleacht sheachtrach.

**Bearta Cuimsithe, Inrochtaineachta agus Comhionannais**: Inrochtaineacht a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas, d'oibrithe, d'oibrithe deonacha agus don phobal. Iniúchtaí inrochtaineachta agus pleanáil inrochtaineachta.Tacaíochtaí cumasúcháin do Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) agus tionscnaimh rannpháirtíochta ionchuimsithí a fheabhsú do phobail mhionlaigh agus tearcionadaithe.

**Tionscadail agus tionscnaimh Ghaeilge:** Tacú le tionscadail agus gníomhaíochtaí atá ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun cinn laistigh den eagraíocht agus den phobal.

**Comhoibriú:** Tacú le tionscnaimh lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, thionscadail indéantachta agus taighde, cláir mheantóireachta agus gníomhaíochtaí eile atá ag iarraidh rannchuidiú na meán pobail i leith an tsochair shóisialta a chur chun cinn tuilleadh trí chomhoibriú ar fud na hearnála nó le heagraíochtaí comhthairbheacha.

## 4.3 Tacaíocht maoinithe: Costais incháilithe

Is iad seo a leanas na cineálacha costas a bhféadfadh an Scéim iad a chlúdach:

- Costais foirne agus tuarastail d'oibrithe a shanntar chun na tionscadail nó na gníomhaíochtaí breise a sheachadadh (gan aon mhaoiniú a fhaightear ó fhoinsí eile a chlúdaíonn costais foirne agus tuarastail a áireamh).
- Costais riaracháin ghaolmhara (gan aon mhaoiniú a fhaightear ó fhoinsí eile a chlúdaíonn costais riaracháin agus forchostais a áireamh).
- Seirbhísí fóntais/costais reatha ghaolmhara (gan aon mhaoiniú a fhaightear ó fhoinsí eile a chlúdaíonn costais riaracháin agus forchostais a áireamh).
- Cumarsáid agus cur chun cinn an stáisiúin, chomh maith le hábhair ghaolmhara chun feasacht a chothú faoi ghníomhaíochtaí an stáisiúin a bhaineann leis an tionscadal agus/nó leis na gníomhaíochtaí a bhfuil maoiniú breise curtha ar fáil dóibh.
- Costais oiliúna, forbartha agus meantóireachta a bhaineann leis an tionscadal agus/nó leis na gníomhaíochtaí breise arna maoiniú.
- Costais oibrithe deonacha a bhaineann leis an tionscadal agus/nó leis na gníomhaíochtaí breise arna maoiniú.
- Costais taistil agus caiteachais do rannpháirtithe a bhaineann leis an tionscadal agus/nó leis na gníomhaíochtaí breise arna maoiniú.
- D'fhéadfaí costais áirithe caipitil nó trealaimh oifige a mheas le haghaidh maoinithe ar bhonn cás ar chás.
- Caithfidh údar láidir a bheith le costais bheaga fho-ghinearálta a bhaineann le táirgeadh clár, agus féadfar iad a mheas ar bhonn cás ar chás.

### 4.4 Cad is Costais Incháilithe ann?

Ní bheidh maoiniú ar fáil chun na nithe seo a leanas a mhaoiniú:

- Tionscadail léiriúcháin atá dírithe ar ábhar
- Tionscadail um Chlaochlú Digiteach
- Fiachas agus Muirir Seirbhísithe Fiachais, Ús atá Dlite, Drochfhiacha, Obair atá Déanta Cheana Féin
- Fíneálacha reachtúla, fíneálacha nó pionóis choiriúla, táillí ceadúnais/cóipchirt, CBL, costais/iasachtaí scairshealbhóirí agus aon chineálacha costais den sórt sin.
- Billí fóntais BAU (gnó mar is gnách) / íocaíochtaí cíosa agus/nó morgáiste
- Aisíoc iasachtaí
- Feithiclí
- Costais ghinearálta a bhaineann le deisiú, tógáil nó cothabháil foirgneamh
- Costais reatha a bhaineann le gnó mar is gnách (BAU)
- Tionscadail / Gníomhaíochtaí / Poist atá ag Fáil Maoiniú Poiblí Leanúnach Cheana Féin ó Rialtas na hÉireann, nó ó Aon Fhoinse Phoiblí Eile nó ón Aontas Eorpach
- Táillí/costais i leith aon tionscadal eile a fhaigheann maoiniú ó fhoinsí tráchtála nó poiblí (Rialtas agus AE).

# 5. Conas iarratas a dhéanamh

### 5.1 Iarratas a chur isteach

Ní mór gach iarratas a dhéanamh tríd an bhfoirm ar líne ag cnam.submit.com faoi **mheán lae** ar dháta deiridh na babhta maoinithe. Ní féidir iarratais a chur isteach ach amháin nuair a bhíonn babhta maoinithe oscailte. Beidh gach babhta maoinithe oscailte ar feadh ceithre seachtaine ar a laghad roimh an dáta deiridh foilsithe. Dícháileofar iarratais neamhiomlána. Beidh cinneadh an Choimisiúin ina leith seo críochnaitheach.

Cuimsíonn an t-iarratas an fhaisnéis seo a leanas:

- Ní ghlacfaidh an Coimisiún ach le **foirm iarratais amháin in aghaidh an stáisiúin** don Scéim.
- Caithfidh tú a bheith cláraithe mar úsáideoir ar cnam.submit.com sula ndéanfaidh tú iarratas.
- Ní mór gach iarratas a dhéanamh trí thairseach iarratais ar líne an Choimisiúin, cnam.submit.com, ag baint úsáid as an bhfoirm iarratais oifigiúil don bhabhta seo.
- Tá sé de fhreagracht ar iarratasóirí a chinntiú go ndéanann siad tagairt don Treoir agus don fhoirm iarratais agus iad ag ullmhú a n-iarratais. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag mainneachtain é sin a dhéanamh ar mheasúnú do thionscadail.

Caithfidh tú an fhaisnéis seo a leanas a chur san áireamh:

- Dearbhú maidir le Státchabhair De Minimis, comhlánaithe agus sínithe ag beirt údaraithe ón stáisiún, lena n-áirítear ball amháin ar a laghad den Bhord nó den Choiste Bainistíochta.
- Buiséad agus Nótaí Buiséid
- Na cuntais iniúchta is déanaí, nó cuntais choibhéiseacha
- Na cuntais bhainistíochta is déanaí
- Liosta na Foirne
- Plean Mionsonraithe Oiliúna (más infheidhme), agus
- aon doiciméadúchán coimhdeach eile a mheasann tú a bheith riachtanach chun cabhrú leis an togra a thuiscint.

## 5.2 Foirm Iarratais

Ba cheart an fhoirm iarratais reatha don scéim na Meán Pobail píolótach a úsáid, agus tá sí ar fáil ag cnam.submit.com.

Éilítear faisnéis áirithe ar an bhfoirm iarratais faoi raon ceannteideal chun cur ar chumas an Choimisiúin an t-iarratas a mheasúnú. Cinntigh go bhfuil gach cuid ábhartha comhlánaithe.

Ní mór an t-iarratas agus aon cheangaltáin ábhartha a chur isteach trí cnam.submit.com **faoi <u>mheán lae Déardaoin, an 20 Lúnasa.</u>**

## 5.3 Clárú

Caithfidh stáisiúin meán pobail a bheith cláraithe mar iarratasóirí ar cnam.submit.com. Mura bhfuil tú cinnte conas iarratas a chur isteach, déan teagmháil leis an gCoimisiún ag community@cnam.ie le haghaidh eolais agus cúnaimh.

## 5.4 Liosta Seiceála Iarratais

Chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú, ní mór duit 'tá' a fhreagairt ar na 16 cheist seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Tá Scéim na Meán Pobail agus an Treoir d'Iarratasóirí léite agam, agus deimhním go bhfuil mo thogra ag teacht le cuspóirí na Scéime. | Tá/Níl |
| 2 | Tá mé cláraithe mar iarratasóir ar an ardán ar líne cnam.submit.com. | Tá/Níl |
| | Ní dhéanann an stáisiún ionadaíocht ach ar chraoltóir pobail nó ar chraoltóir pobail atá ceadúnaithe go hiomlán. | Tá/Níl |
| 3 | Comhlánóidh mé an fhoirm iarratais ar líne agus cinnteoidh mé go mbeidh gach deimhniú tríú páirtí san áireamh san iarratas. Déanfar aon ábhar a mheastar a bheith rúnda a mharcáil agus leagfar amach go soiléir an réasúnaíocht atá taobh thiar de rúndacht a lorg. | Déanfaidh mé/Ní dhéanfaidh mé |
| 4 | Tá an cumas reatha agus an lánacmhainneacht agamsa agus ag an bhfoireann iarratasóra an tionscadal a sheachadadh mar a leagtar amach ó thús deiridh. | Tá/Níl |
| 5 | Díríonn m'iarratas ar thionscadail agus ar ghníomhaíochtaí breise mar atá sainithe ag an Scéim. | Tá/Níl |
| 6 | Níl maoiniú á fháil ag mo thionscadal/ghníomhaíocht cheana féin. | Tá/Níl |
| 7 | Tá na ceanglais incháilitheachta go léir mar a leagtar amach sa Scéim iad á gcomhlíonadh agam. | Tá/Níl |
| 8 | Is eintiteas rialáilte í an Stáisiún tráth an iarratais, agus beidh an tionscadal a fhaigheann maoiniú faoi réir na gcód agus na gcaighdeán ábhartha ó rialtóir meán aitheanta de chuid an Aontais Eorpaigh, amhail Coimisiún na Meán. | Tá/Níl |
| 9 | Cuirfidh mé plean tionscadail ar fáil agus déanfaidh mé cur síos mion ar an gcaoi a n-oireann sé do ghníomhaíochtaí gnó na todhchaí. | Tá/Níl |
| 10 | Tá an tionscadal atá beartaithe réidh le cur i gcrích; is tionscadal nua é agus níl tús curtha leis. | Tá/Níl |
| 11 | Tá an fhaisnéis riachtanach ar fad curtha san áireamh agam sa doiciméad iarratais seo, agus tá an fhaisnéis ar fad inléite. | Tá/Níl |
| 12 | Tá m'iarratas curtha isteach de réir na Treorach d'Iarratasóirí agus tá na nithe seo a leanas i gceist leis:<br>• Dearbhú Sínithe maidir le Státchabhair De Minimis<br>• Buiséad agus Nótaí Buiséid<br>• Na cuntais iniúchta is déanaí, nó cuntais choibhéiseacha;<br>• Na cuntais bhainistíochta is déanaí;<br>• Liosta na Foirne;<br>• Plean mionsionraithe oiliúna (más infheidhme). | Tá/Níl |

| | | |
|---|---|---|
| 13 | Ní sháraíonn m'iarratas ar mhaoiniú ón gCoimisiún na tairseacha ceadaithe atá leagtha amach sa Treoir d'Iarratasóirí. Íosmhéid €30,000 – Uasmhéid €65,000 | Tá/Níl |
| 14 | Má bhaineann mo thionscadal le páistí nó le daoine fásta leochaileacha, tá sé sin luaite agam i mo iarratas agus tá eolas curtha ar fáil agam faoi na nósanna imeachta agus na prótacail chosanta a bheidh i bhfeidhm. | Tá/Níl |
| 15 | Tá na réimsí éigeantacha go léir líonta agam ar an gcuid ar líne den fhoirm iarratais ag oncnam.submit.com. | Tá/Níl |
| 16 | Tá aon fhaisnéis phearsanta atá san áireamh san iarratas riachtanach. | Tá/Níl |
| Ba chóir go mbeadh 'tá' mar fhreagra ar na ceisteanna thuas go léir. Nuair a bheidh tú sásta go bhfuil 1 – 16 curtha i gcrích, beidh tú réidh le d'iarratas a chur isteach trí cnam.submit.com | | |

## 5.5 Cruinneas na Faisnéise

Ní mór gach eolas a chuirtear isteach mar chuid d'iarratas ar mhaoiniú a bheith fíor agus ceart.

## 5.6 Dáta deiridh

Ní mór an t-iarratas agus na ceangaltáin ábhartha a chur isteach trí cnam.submit.com faoi mheán **lae ar an 20 Lúnasa 2026**.

## 5.7 Ábhar Rúnda

Ba chóir faisnéis a mheasann iarratasóir a bheith rúnda a aibhsiú agus a mharcáil mar **'Ábhar Rúnda'.** Cinnteoidh an Coimisiún go ndéanfar an fhaisnéis sin a láimhseáil i gceart, lena n-áirítear nuair a bheidh an próiseas iarratais críochnaithe.

## 5.8 Saoráil Faisnéise

Geallann an Coimisiún a dhícheall a dhéanamh chun aon ábhar a sholáthraítear mar fhreagra ar an bpróiseas seo a choinneáil faoi rún, faoi réir oibleagáid an Choimisiúin faoin dlí, lena n-áirítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 ("Acht um Shaoráil Faisnéise"). Iarrtar ar iarratasóirí agus ar dheontaithe a mheas an bhfuil aon chuid den fhaisnéis a chuirtear ar fáil don Choimisiún in iarratas nó le linn conarthaí ina dhiaidh sin nár cheart a nochtadh mar gheall ar a hábhar íogair, an t-ábhar seo a shainaithint agus na cúiseanna lena íogaireacht a shonrú. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le hiarratasóirí maidir leis an eolas rúnda, phearsanta nó íogaireach ó thaobh tráchtála de sula ndéanfaidh sé cinneadh maidir le haon iarratas a fhaightear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Féadfar faisnéis den sórt sin a scaoileadh mar fhreagra ar iarratas um Shaoráil Faisnéise.

## 5.9 Cosaint Sonraí

Chun an babhta maoinithe seo a oibriú go héifeachtach, beidh faisnéis faoin iarratasóir agus faisnéis mhionsonraithe faoin ábhar atá beartaithe ag teastáil uainn. D'fhéadfadh faisnéis phearsanta amhail teidil poist, tuarastail agus seoltaí ríomhphoist a bheith san áireamh sna sonraí agus sna doiciméid seo.

Comhlíonfaidh an Coimisiún a oibleagáidí faoi Threoir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus faoi aon dlíthe agus rialacháin eile is infheidhme maidir le príobháideacht sonraí agus aon fhaisnéis phearsanta den sórt sin a chuirtear faoi bhráid an tionscnaimh mhaoinithe seo á láimhseáil agus á próiseáil aige. Úsáidfear an fhaisnéis a chuirtear isteach in iarratas, lena n-áirítear aon fhaisnéis phearsanta, chun an t-iarratas a phróiseáil agus chun idirchaidreamh a dhéanamh leis an iarratasóir.

Ní choinneofar aon fhaisnéis phearsanta a chuirtear isteach (seachas sonraí teagmhála an Chonraitheora a úsáidtear chun críocha an bhabhta) ach amháin má éiríonn leis an iarratas. Bheadh an fhaisnéis sin ag teastáil don chonradh maoinithe agus chun feidhmíocht an deontais agus na torthaí gaolmhara a thomhas ina dhiaidh sin. Féadfar an fhaisnéis a úsáid freisin chun críche athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim agus ag taighdeoirí seachtracha. I gcásanna den sórt sin, dhéanfaí an fhaisnéis phearsanta go léir a anaithnidiú.

Tá an Coimisiún tiomanta agus oibleagáideach na sonraí pearsanta uile a chuirtear isteach mar fhreagra ar ghlao ar iarratais don bhabhta maoinithe seo a chosaint. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ceaptha ag an gCoimisiún atá cláraithe leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi a bpróiseálann an Coimisiún faisnéis phearsanta agus faoi théarmaí agus coinníollacha an Choimisiúin ag: Cosaint sonraí & príobháideacht - Coimisiún na Meán

## 5.10 Coinbhleachtaí Leasa

Ní mór don Choimisiún cloí leis an Acht um Eitic in Oifig Phoiblí (1995) agus leis an Acht um Chaighdeáin in Oifig Phoiblí (2001). I ndáil leis seo, má thagann tú ar an eolas, mar iarratasóir, faoi chúinsí a d'fhéadfadh coinbhleacht leasa a chruthú i gcomhthéacs d'iarratais, ní mór duit na cúinsí sin a thabhairt faoi bhráid an Choimisiúin láithreach.

## 5.11 Maoiniú Státchabhrach

Feidhmíonn Scéim na Meán Pobail faoi Rialachán De Minimis (Rialachán ón gCoimisiún (AE) 2023/2831) ("**De Minimis**"), arna leasú. Bronnfar deontais Scéime na Meán Pobail de réir rialacha De Minimis.

## 5.12 Cabhair De Minimis

Faoi De Minimis, is é €300,000 an uasteorainn reatha do gach cabhair De Minimis, beag beann ar fhoinse na cabhrach De Minimis sin, a bhronntar ar aon ghnóthas aonair ag aon ghníomhaireacht Stáit nó comhlacht poiblí thar thréimhse trí bliana. Ceadaíonn an Coimisiún Eorpach cabhair De Minimis suas le €300,000 in aghaidh an ghnóthais thar aon tréimhse trí bliana faoin Rialachán De Minimis toisc go meastar go bhfuil sé seo ar leibhéal nach mbeidh tionchar substaintiúil aige ar thrádáil idir Ballstáit ná nach ndéanfaidh sé iomaíocht a shaobhadh nó bagairt go saobhfar iomaíocht léi agus dá bhrí sin is féidir é a dhámhachtain gan fógra a thabhairt don Choimisiún Eorpach ná gan imréiteach uaidh.

Ní mór d'iarratasóirí aon chabhair De Minimis a fuair siad ó aon chomhlacht poiblí sna trí bliana sula bhfuair siad maoiniú ón gCoimisiún (agus aon iarratais atá "ar bun" ar mhaoiniú stáit) a dhearbhú don Choimisiún. Déanfar infheidhmeacht De Minimis a sheiceáil i ngach tionscadal mar chuid den iarratas tosaigh agus nuair a chuirfear éilimh isteach, agus d'fhéadfadh nach mbeidh iarratais incháilithe do chúnamh deontais faoin Scéim seo dá bharr sin.

Beidh ar iarratasóirí atá ag lorg tacaíochta faoin Rialachán De Minimis dearbhú a chur faoi bhráid an Choimisiúin ina ndearbhaítear an cúnamh De Minimis go léir a fuarthas le trí bliana anuas, i gcomhréir le Rialacha Cúnaimh Stáit an AE. Is díol suntais é go bhféadfadh dearbhú bréagach as a dtiocfaidh sárú ar an tairseach €300,000 a bheith ina chúis le haisghabháil na cabhrach le hús ag an gCoimisiún ag am níos déanaí.

Clárófar gach cúnamh De minimis a dheonaítear faoin Scéim na Meán Pobail ar bhunachar sonraí lárnach an Aontais Eorpaigh, Clár an Chúnaimh, mar a cheanglaítear leis an dlí.

### 5.13 Ceanglais Faireacháin & Tuairiscithe

Coinneoidh an Coimisiún taifid ina mbeidh faisnéis agus doiciméid tacaíochta chun a shuíomh go gcomhlíontar na coinníollacha uile atá leagtha síos i rialacha De Minimis, ar feadh tréimhse 10 mbliana ón dáta a deonaíodh an cúnamh deireanach faoi chiste Scéime na Meán Pobail.

Forchoimeádann an Coimisiún an ceart chun méid maoinithe níos ísle ná mar a iarradh a thairiscint d’iarratasóir. I gcásanna ina dtarlaíonn sé seo, cuirfidh an Coimisiún aiseolas agus réasúnú ar fáil maidir leis an gcinneadh seo.

### 5.14 An tAcht um Thús Áite do Leanaí

Mar chomhlacht poiblí, tá oibleagáidí ar an gCoimisiún faoin Acht um Thús Áite do Leanaí (2015). I gcás ina bhfuil tionscadal nó gníomhaíocht a bhaineann le leanaí nó le haosaigh soghonta á maoiniú ag an gCoimisiún, tá oibleagáid ar an gCoimisiún agus ar an deontaí araon cloí le forálacha an Achta. Más rud é go bhfuil baint ag ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí atá beartaithe agat le leanaí nó le haosaigh soghonta, ba chóir é seo a chur in iúl san fhoirm iarratais. Tabhair do d'aire, mar choinníoll chun maoiniú a fháil, go n-iarrfar ort cóip de do Bheartas maidir le Cosaint Leanaí/do Bheartas maidir le Cosaint Aosach Soghonta a sholáthar agus dearbhuithe a thabhairt go bhfuil do thionscadal ag feidhmiú i gcomhréir leis an Acht um Thús Áite do Leanaí. Déan tagairt don doiciméad Treoracha Náisiúnta maidir le Tús Áite do Leanaí.

# 6. Faisnéis Airgeadais

Tabhair na sonraí seo a leanas maidir leis na costais airgeadais a bhaineann le do thogra:

- Cuir isteach do chuid cuntas bliantúil iniúchta is déanaí nó cuntais choibhéiseacha.
- Cuir cuntais bhainistíochta cothrom le dáta leis.
- Bain úsáid as an teimpléad buiséid atá curtha ar fáil
- Cuir na nótaí buiséid gaolmhara ar fáil, nótaí a mhíníonn gach mír aonair agus an fáth a bhfuil sí ag teastáil ag an méid a léirítear.
- CBL: Má tá do Stáisiún cláraithe le haghaidh CBL, cuir isteach gach mír sa bhuiséad gan CBL a áireamh.
- MURA bhfuil do Stáisiún cláraithe le haghaidh CBL, féadfaidh tú costas na CBL don mhír líne a áireamh. Ní mór an réasúnaíocht maidir le CBL a áireamh (móide ráta a ghearrtar) a leagan amach i do nótaí buiséid.
- Ba cheart aon ranníocaíocht i gcineál i leith an tionscadail a chur san áireamh sa bhuiséad chomh maith, agus iad a mhíniú i nótaí an bhuiséid.
- Ba cheart go mbeadh costais taistil agus chothaithe ag teacht leis na rátaí is déanaí sa Státseirbhís.
- Caithfear foráil a dhéanamh sa bhuiséad do chostas tuarascála ó chuntasóir neamhspleách maidir leis an tionscadal faoi chaighdeán ‘Éileamh ar Dheontas M45’ – .i. duine cáilithe a fhostú chun ráiteas costais deiridh agus nithe gaolmhara a scrúdú agus a fhormheas. Tá treoir maidir le Caighdeán Éilimh Deontais M45 ar fáil ón gCoimisiún ach í a iarraidh.

# 7. Treoirlínte Buiséid agus Nótaí Buiséid

- Ba cheart nótaí buiséid a sholáthar chun cabhrú le tuiscint a fháil ar na míreanna aonair atá san áireamh sa bhuiséad.
- Bain úsáid as na nótaí buiséid chun a mhíniú conas a chuirfidh tú an togra a thuairiscítear san iarratas i gcrích, ag baint úsáid as na hacmhainní atá liostaithe sa bhuiséad. Caithfidh iarratasóirí údar cuí a thabhairt leis na costais a léirítear (m.sh. trí na toimhdí atá mar bhunús leis na costais réamh-mheasta a lua), agus, nuair is gá, miondealú a sholáthar ar gach ionchur.
- Costais foirne don obair bhreise a bhaineann leis na daoine a shanntar don tionscadal nó don ghníomhaíocht bhreise.
- Sonraigh go soiléir cén áit a gcomhlíonann an duine céanna níos mó ná ról amháin, agus léirigh na rátaí laethúla íoctha agus líon na laethanta atá beartaithe do gach ról.
- Ba chóir go mbeadh miondealú sna nótaí ar aon chostas atá ‘pacáilte’ sa bhuiséad, m.sh. taisteal agus cothabháil, agus ba chóir go míneofaí iontu cén fáth a bhfuil gá le línte costais ar leith agus cén fáth a bhfuil údar maith leo i gcomhthéacs an togra.
- Féadfaidh costais riaracháin agus forchostais aon chostais is gá chun tacú leis an togra a áireamh, amhail ábhair agus soláthairtí oifige, teileafón, fáiltiú, árachas agus fóntais, gan aon mhaoiniú a fhaightear ó fhoinsí eile a chlúdaíonn costais riaracháin agus forchostais a áireamh.
- Ba cheart d’iarratasóirí achoimre a chur san áireamh freisin ar na míreanna atá curtha san áireamh sna costais fhorchostais, agus sonraí a thabhairt faoin gcostas árachais a luaitear.
- Má chuirtear costas ar fáil ina iomláine nó go páirteach i bhfoirm chineáil, ba cheart é sin a léiriú i nóta an bhuiséid.

# 8. Nós imeachta um Measúnú

Tá ceithre chéim sa phróiseas measúnaithe agus baineann gach céim díobh le measúnú ar iarratais i gcomparáid le critéir réamhshocraithe atá bunaithe ar an tuarascáil ón gCoimisiúin um Thodhchaí na Meán (FoMC), ar an Acht Craolacháin 2009, arna leasú, agus ar chuspóirí an Choimisiúin. Is iad seo a leanas na céimeanna measúnaithe agus cinnteoireachta:

- Measúnú Réamhtheachtach (Cáilíocht)
- Measúnú Cáilíochtúil
- Measúnú Straitéiseach
- Daingniú an Choimisinéara

Mar threoir d'iarratasóirí, leagann an Coimisiún amach thíos conas a chuirfear na nósanna imeachta do gach céim i bhfeidhm agus iarratais á measúnú.

## 8.1 Measúnú Réamhtheachtach

Ní mór d'iarratais roinnt critéar íosta a chomhlíonadh le go mbreithneofar iad le haghaidh maoinithe. Caithfidh cáilíocht a bheith ag iarratasóirí chun iarratas a dhéanamh ar an scéim, agus ní mór don iarratas a bheith bainteach le tionscadail nó gníomhaíochtaí breise agus leis na costais cheadaithe ghaolmhara.

Tá tuilleadh treorach maidir leis na critéir seo leagtha amach thíos agus tá Maitrís Scórála an Reamh-mheasúnaithe leagtha amach in Aguisín 1 mar eolas agus mar thagairt. Mura gcomhlíontar aon cheann de na critéir íosta seo, dícháileofar iarratais. Beidh cinneadh an Choimisiúin ina leith seo críochnaitheach.

## 8.2 Measúnú Cáilíochtúil

Má mheastar go bhfuil an t-iarratasóir agus an t-iarratas incháilithe tar éis an mheasúnaithe réamh-mheastóireachta, beidh an t-iarratas incháilithe lena bhreithniú chun maoiniú a dhámhachtain. Is í an chéad chéim eile an Measúnú Cáilíochtúil, ina ndéantar measúnú ar gach iarratas ar a fhiúntais féin i gcoinne critéir cháilíochtúla réamhchinnte, atá leabaithe i gcuspóirí Scéime na Meán Pobail. Tá Maitrís Scórála an Mheasúnaithe Cháilíochtúil leagtha amach in Aguisín 1 mar eolas agus mar thagairt.

Déanfaimid measúnú ar an gcaoi a mbeidh an t-iarratas ag teacht le haidhmeanna agus le cuspóirí foriomlána Scéime na Meán Pobail. Cibé acu a léiríonn an t-iarratasóir an chaoi a gcuireann a thogra leis an méid a chuireann an stáisiún le leas an phobail. Déanfar sa mheasúnú breithniú ar cé acu atá nó nach bhfuil torthaí ionchais an tionscadail soiléir agus réadúil, agus ar cé acu a léiríodh go soiléir sa togra go bhfuil an tionscadal breise agus indéanta, agus go bhfuil cás láidir déanta ina leith chun maoiniú a fháil. Cuirfear san áireamh taifead feidhmíochta an iarratasóra maidir lena chonradh craolacháin reatha agus aon chonarthaí maoinithe, chomh maith le cumas an iarratasóra torthaí an tionscadail a bhaint amach.Déanfar measúnú ar thograí a léiríonn pleananna a bhfuil sé mar aidhm leo acmhainneacht, cumais agus inbhuanaitheacht na heagraíochta a neartú.

Tá 3 chritéar éigeantacha ann. Ní mór d'iarratasóir scór 50% nó níos mó a bhaint amach i ngach critéar éigeantach le bheith incháilithe le haghaidh tuilleadh measúnaithe chun maoiniú a dhámhachtain. Seo a leanas na critéir mheasúnaithe éigeantacha:

- **Cáilíocht an iarratais, an méid a chuirtear leis an leas sóisialta, agus an comhoiriúnacht le cuspóirí na scéime**
- **Indéantacht, Breisluach, Acmhainní & An cás ar son maoinithe (lena n-áirítear taifead feidhmíochta)**

- **Athléimneacht agus Inbhuanaitheacht a Chothú**

## 8.3 Measúnú Straitéiseach

I gcásanna ina bhfuil níos mó iarratais cháilitheacha ná cistí ar fáil, beidh céim mheasúnaithe bhreise ag an gCoimisiún.

Díreofar leis seo ar cháilíocht na n-iarratas aonair agus ar an bpacáiste foriomlán dámhachtainí maoinithe a chomhlíonann aidhmeanna na Scéime ar an mbealach is fearr le chéile. Cuirtear pacáiste deiridh moltaí faoi bhráid na gCoimisinéirí ansin lena bhreithniú agus lena ndaingniú. Tá Maitrís Scórála an Mheasúnaithe Straitéisigh leagtha amach in Aguisín 1. Is iad seo a leanas na critéir mheasúnaithe don chéim seo:

- Éagsúlacht na rannpháirtithe/na rannpháirtíochta agus na hionadaíochta.
- Riachtanas straitéiseach, luach poiblí agus athléimneacht fhadtéarmach a thógáil.

## 8.4 Daingniú an Choimisinéara

Áirítear sa chéim dheireanach go ndéanann an Coimisiún breithniú ar an bpacáiste moltaí a tháinig chun cinn sna céimeanna measúnaithe roimhe seo. Tar éis an daingnithe, cuirtear gach iarratasóir ar an eolas trí ríomhphost faoin gcinneadh maoinithe a bhaineann lena n-iarratas.

## 8.5 An Próiseas Chinnteoireachta

Leanfaidh an Coimisiún na nósanna imeachta seo a leanas agus é ag cinneadh oiriúnachta iarratasóra chun maoiniú a fháil:

Déanfar meastóireacht tosaigh ar gach iarratas lena chinntiú go gcomhlíonann sé critéir cháilitheacha na Scéime, lena n-áirítear incháilitheacht an iarratasóra, agus go bhfuil an fhaisnéis agus na doiciméid uile a theastaíonn curtha isteach. Dícháileofar aon iarratasóir nach gcomhlíonann aon cheann de na critéir atá liostaithe agus eiseofar ón bpróiseas iarratais é/í (féach Aguisín 1). Déanfaidh foireann an Choimisiúin seiceáil le haghaidh coinbhleachtaí leasa féideartha leis na measúnóirí sula gcuirfear aon iarratas ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den mheasúnú. Ansin, socraítear na hiarratais incháilithe i ngrúpaí agus sanntar iad do Phainéal Measúnaithe Cáilíochtúil.

D'fhéadfadh foireann an Choimisiúin amháin nó foireann an Choimisiúin agus measúnóirí seachtracha a bheith ar an bPainéal. Agus gach painéal á bhunú, cuirfidh an Coimisiún san áireamh na scileanna agus an taithí chuí a theastaíonn chun na tionscadail a mheas. Déanann gach ball den phainéal measúnú ar gach iarratas go neamhspleách agus ansin reáchtáiltear cruinniú chun gach iarratas a phlé. Tiocfaidh an painéal ar scór do gach iarratas, agus comhaontófar liosta de na moltaí maoinithe. Ansin, cuirfidh an Coimisiún dréacht de na nithe ar comhaontaíodh orthu chuig gach ball den phainéal lena mbreithniú agus lena gceadú. Nuair a bheidh na cruinnithe measúnaithe painéil go léir críochnaithe, lena n-áirítear ainm curtha le doiciméid an chruinnithe measúnaithe, cuirfear liosta iomlán na moltaí maoinithe le chéile. Bronnfar maoiniú ar an iarratas is láidre, de réir mar a chomhaontóidh an painéal.

Bunaítear Painéal Measúnaithe Straitéisigh de bhaill shinsearacha de bhainistíocht an Choimisiúin agus baill foirne atá páirteach i reáchtáil bhabhta na Scéime. Breithníonn an fóram seo go comhchoiteann scóir Chéim an Mheasúnaithe Cháilíochtúil, moltaí an Phainéil agus na critéir straitéiseacha.

Tá oibleagáid ar an gCoimisiún díriú ar chothromaíocht torthaí a eascraíonn as an meascán foriomlán is fearr de Thionscadail Meáin Phobail bunaithe ar na hiarratais a fuarthas don bhabhta. I gcás mhaoiniú Bhabhta 1, bronnfar maoiniú ar na hiarratais is fearr a chomhlíonann cuspóirí an bhabhta maoinithe agus na scéime agus a bhaineann amach na scóir is airde dá réir.

Sa chéim dheireanach, déanann na Coimisinéirí na cinntí deiridh ar na hiarratais, agus breithniú á dhéanamh ar na moltaí a tháinig chun cinn sa chéim measúnaithe roimhe seo. Is cinntí deiridh iad cinntí na gCoimisinéirí.

## 8.6 Cinntí Maoinithe

### Iarratais rathúla

Sa chás go bhfuil iarratas ar mhaoiniú ceadaithe ag an gCoimisiún, tá feidhm ag na céimeanna seo a leanas:

i. Cuirfidh Coimisiún an t-iarratasóir ar an eolas faoin gcinneadh, agus leagfar amach ann aon choinníoll/coinníollacha bheidh ag gabháil leis an tairiscint maoinithe.
ii. Cuirfidh an Coimisiún liosta de na tairiscintí maoinithe atá daingnithe ag na Coimisinéirí ar fáil don phobal.
iii. Ní mór don iarratasóir a n-éireoidh leo a dheimhniú go nglacann siad leis an tairiscint ar mhaoiniú agus le haon choinníoll/coinníollacha sonraithe ag an gCoimisiún.
iv. Ceanglaítear ar iarratasóir rathúil comhaontú conarthach a dhéanamh leis An gCoimisiún, ar théarmaí atá le sonrú ag an gCoimisiún. Áirítear leis na téarmaí sin soláthar táirgí insoláthartha faoin gconradh ag an iarratasóir rathúil, agus sceideal a bhaineann le tarraingt anuas cistí ag iarratasóir. Déanann An Coimisiún cistí a riar i gcomhréir le téarmaí an chomhaontaithe chonarthaigh.

### Iarratais nach n-éiríonn leo

I gcás ina ndiúltaíonn an Coimisiún d'iarratas ar mhaoiniú, tugtar fógra do gach iarratasóir aonair agus cuirtear faisnéis ar fáil dóibh faoi fheidhmíocht a n-iarratais sa phróiseas measúnaithe. Léireofar san fhógra faoin gcinneadh maoinithe chuig an iarratasóir cén chéim a diúltaíodh don iarratas:

- Má dhiúltaítear don iarratas le linn an Mheasúnaithe Cáilíochta, léireofar 'Diúltaithe - Réamhchéim' san fhógra.
- Má dhiúltaítear d'iarratas le linn Chéim an Mheasúnaithe Cháilíochtúil, léireofar san fhógra é mar 'Diúltaithe – Céim 2' nuair a bheidh an Babhta daingnithe.
- Má dhiúltaítear d'iarratas le linn Chéim an Mheasúnaithe Straitéisigh, léireofar san fhógra é mar 'Diúltaithe – Céim 2' nuair a bheidh an Babhta daingnithe.

## 8.7 Conraitheoireacht agus tarraingt anuas cistí

Agus conradh á dhéanamh leis an gCoimisiún, beidh ar iarratasóir rathúil táirgí insoláthartha áirithe a sholáthar don Choimisiún. Mar eolas, tá liosta **neamh-uileghabhálach** thíos de na rudaí a bheadh ag teastáil an tráth a dhéanfar an conradh. Tabhair faoi deara nach gá go mbeadh na doiciméid seo ar fáil tráth an iarratais; níl iontu ach treoir:

Beidh dámhachtain conartha maoinithe ag brath ar an iarratasóir rathúil do dheimhniú go nglacann sé leis an tairiscint maoinithe agus le haon choinníoll a ghabhann léi arna leagan síos ag an gCoimisiún. Maidir leis sin, ceanglaítear ar an iarratasóir rathúil comhaontú conarthach a dhéanamh leis an gCoimisiún, ar théarmaí a shonróidh An Coimisiún.

Ar shíniú an chonartha maoinithe, comhaontóidh an Coimisiún an sceideal tarraingthe anuas chun an maoiniú a chuir ar fáil.

- Dearbhú sínithe maidir le Státchabhair De Minimis, maille le síniú ó bheirt údaraithe ón stáisiún, lena n-áirítear ball amháin ar a laghad den Bhord nó den Choiste Bainistíochta.
- Buiséad
- Plean Airgeadais
- Plean tionscadail, lena n-áirítear garspriocanna, aschuir agus torthaí
- Sonraí faoin Deontas
- Gan Litir Fritháirimh ón mBanc ábhartha
- Faisnéis maidir le hImréiteach Cánach
- Árachas

## 8.8 Tuairisciú

Caithfidh an té ar a mbronnfar an deontas tuairisciú a dhéanamh ar an gcaoi inar caitheadh an deontas lena dheimhniú gur úsáideadh é chun na críche atá leagtha amach san iarratas ar mhaoiniú agus a rinne an Coimisiún a fhaomhadh nuair a rinneadh an maoiniú a bhronnadh. Beidh gá le tuarascáil deiridh ar an tionscadal. Soláthróidh An Coimisiún treoirlínte don tuarascáil deiridh.

Maidir leis seo, ní mór do gach deontaí tuarascáil deiridh a chur isteach laistigh de dhá mhí ó dháta críochnaithe an tionscadail agus an chomhaontaithe deontais. Ba chóir go mbeadh faisnéis i ngach tuarascáil faoin gcaoi ar caitheadh an t-airgead agus na torthaí a baineadh amach. Bain úsáid as an bhfoirm do Thuarascáil Deiridh an Tionscadail arna fhoilsiú ag an gCoimisiún.

## 8.9 Iniúchadh

Ní mór do gach deontaí fianaise dhoiciméadach a choinneáil ar an gcaiteachas a tabhaíodh i gcoinne an deontais chun críocha iniúchóireachta. Déanfaidh An Coimisiún iniúchtaí randamacha mar a fhoráiltear i gconradh maoinithe An Choimisiúin. Tá gach conradh maoinithe agus táirgí insoláthartha agus sonraí airgeadais gaolmhara oscailte d’iniúchtaí AE freisin.

## 8.10 Dúbláil Maoinithe

Má éiríonn leat, iarrfar ort a dheimhniú nach bhfuil aon fhoinse eile ag íoc as costais na ngníomhaíochtaí atá beartaithe.

## 8.11 Séanadh

Ní cuntas uileghabhálach ar na ceanglais reachtúla agus na hoibleagáidí dlíthiúla atá ar iarratasóirí ar mhaoiniú faoin Scéim atá san fhaisnéis a chuirtear ar fáil sa doiciméad seo. Níor cheart é a mheas mar ráiteas iomlán ná údarásach ar an dlí. Ní mór do dhaoine a bhfuil an doiciméad seo ar fáil dóibh a measúnú neamhspleách féin a dhéanamh tar éis dóibh a gcomhairle ghairmiúil féin a fháil agus aon imscrúduithe breise a dhéanamh, de réir mar is gá dar leo, ar gach ábhar ábhartha.

Ní dhéanann an Coimisiún aon uiríoll ná barántaí, sainráite ná intuigthe, i ndáil leis an bhfaisnéis atá sa cháipéis seo ná i ndáil le haon fhaisnéis ó bhéal nó i scríbhinn a dhéantar nó a chuirfear ar fáil d’aon iarratasóir ionchasach nó dá chomhairleoirí gairmiúla. Séantar go sainráite aon dliteanas ina leith seo.

## Aguisín 1 - Maitrísí Scórála Measúnaithe

### Maitrís Scórála Réamh-mheasúnaithe

| Critéir | *Tá/Níl* |
|---|---|
| **Cáilitheacht:**<br>An bhfuil an t-iarratasóir incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú faoin Scéim? Cuirfidh sé san áireamh ar cibé acu:<br>Comhlíonann stádas an iarratasóra riachtanais na Scéime; is eintiteas é an t-iarratasóir a bhfuil conradh reatha lánaimseartha aige leis an gCoimisiún maidir le craoladh fuaime pobail. | |
| Tagann an méid maoinithe a iarradh laistigh de theorainneacha údaraithe an bhabhta, agus tá an dearbhú De Minimis sínithe i gcomhréir leis an Treoir d'Iarratasóirí. | |
| An bhfuil an t-Iarratas críochnaithe? An bhfuil an t-iarratasóir tar éis cloí le treoirlínte uile an chomórtais agus an bhfuil na doiciméid ábhartha uile curtha isteach aige/aici? | |

***Mura gcomhlíontar aon cheann de na critéir íosta seo, ní bhreithneofar iarratais a thuilleadh.***

## Maitrís Scórála an Mheasúnaithe Cháilíochtúil

| Critéir | Scór atá ar Fáil |
|---|---|
| **Cáilíocht an iarratais, an méid a chuirtear leis an leas sóisialta, agus an comhoiriúnacht le cuspóirí na scéime:**<br><br>Cé chomh mór is a sholáthraíonn an togra buntáiste sóisialta don phobal / don phobal leasanna comhchosúla / don phobal a bhfuil leas speisialta i gceist (mar shampla, trí chuimsiú sóisialta, cumhachtú an lucht féachana, deiseanna do bhaill den phobal agus/nó do dhaoine aonair chun a gcuid scileanna pearsanta agus sóisialta a fhorbairt agus a fheabhsú, oiliúint agus ceardlanna, agus éascú a dhéanamh ar ghníomhaithe comhchoiteanna)?<br><br>An bhfuil sé léirithe ag an iarratasóir cé na cuspóirí a bhfuil a n-iarratas ag teacht leo, agus an bhfuil na torthaí atá beartaithe léirithe go rathúil acu? An bhfuil an t-iarratas ar ardchaighdeán, curtha i láthair go maith agus machnamh déanta ar an gcur chuige ina leith?<br><br>An mbeidh an tionscadal ina chúis le hionadaíocht níos éagsúla ag an gcraoltóir agus an gcuirfidh sé feabhas ar an inrochtaineacht don phobal chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí an chraoltóra?<br><br>An bhfuil aon chomhpháirtíocht, cibé acu foirmiúil nó neamhfhoirmiúil, le tríú páirtithe nó gníomhaithe ábhartha curtha san áireamh ag an iarratasóir? Cén leibhéal feabhsúcháin a thabharfaidh sé don tionscadal; .i. éagsúlacht níos mó, rannpháirtíocht an phobail, cuimsiú sóisialta, agus mar sin de? | 45 |
| **Indéantacht, Breisluach, Acmhainní agus An cás ar son maoinithe (lena n-áirítear taifead feidhmíochta)**<br><br>An bhfuil na hacmhainní atá molta mínithe go soiléir, agus an bhfuil siad leordhóthanach agus réadúil i gcomhthéacs an tionscadail nó na gníomhaíochta atá molta? An dtugann an togra luach ar airgead? Cén leibhéal riachtanais atá ann don maoiniú seo? Cuirfear san áireamh leibhéal na struchtúr maoinithe ag an stáisiún, lena n-áirítear maoiniú a leithdháil An Coimisiún i gcoitinne agus, go háirithe, conarthaí maoinithe le déanaí nó atá ar siúl faoi láthair.<br>An méid a léiríonn an t-iarratasóir go bhfuil an maoiniú a lorgaítear riachtanach.<br><br>An bhfuil sé mínithe go soiléir ag an iarratasóir cén chaoi a bhfuil an tionscadal agus/nó an ghníomhaíocht bhreise, ag léiriú go bhfreastalaíonn an togra ar bhearna shoiléir nó ar riachtanas nár comhlíonadh san eagraíocht .i. nach bhfuil maoiniú á lorg don ghnáthghníomhaíocht ghnó (BAU) leis an tionscadal/an ghníomhaíocht? An bhfuil an buiséad réadúil, agus an bhfuil gach costas a bhaineann leis an tionscadal nó leis an ngníomhaíocht atá beartaithe curtha san áireamh ann?<br><br>Cén méid a chuirfidh maoiniú poiblí ar chumas gníomhaíochtaí nó torthaí tarlú nach dtarlódh murach é, nó a chuirfidh go mór lena scála, lena gcáilíocht, lena réim nó lena n-am? An léiríonn an togra go soiléir, i dtéarmaí cuspóirí, cur chuige agus pleanála, go bhfuil torthaí an tionscadail indéanta? An bhfuil faisnéis leordhóthanach curtha ar fáil maidir leis na hacmhainní uile a bhaineann leis an tionscadal, ón tús go dtí an críoch?<br><br>Cuirfear san áireamh an taithí ábhartha, na cáilíochtaí agus oiriúnacht an duine nó na foirne atá freagrach as an tionscadal a sheachadadh agus a thabhairt chun críche. Cuirfear san áireamh taifead feidhmíochta an iarratasóra maidir lena chonradh craolacháin reatha agus aon chonarthaí maoinithe, chomh maith le cumas an iarratasóra torthaí an tionscadail a bhaint amach. | 40 |
| **Athléimneacht agus Inbhuanaitheacht a Chothú:** | 15 |

| | |
|---|---|
| Cé chomh mór is a neartaíonn an togra acmhainn, cumas agus inbhuanaitheacht na heagraíochta? An bhfuil sé mar aidhm ag an togra rioscaí eagraíochtúla a laghdú agus cumas na heagraíochta chun oiriúnú do dhúshláin agus do dheiseanna sa todhchaí a neartú?<br><br>An bhfuil machnamh cuí déanta ar phleananna don tréimhse tar éis na tréimhse maoinithe? An féidir leis an togra feabhas a chur ar acmhainneacht airgeadais agus eagraíochtúil na n-eagraíochtaí trí thacaíocht a thabhairt, mar shampla, don rialachas, do bhainistíocht an bhoird, don riarachán, do bhainistíocht deontas, d'éagsúlú na n-iarrachtaí tiomsaithe airgid, don phleanáil straitéiseach agus don ullmhacht don todhchaí chun inmharthanacht eagraíochtúil agus cuntasacht maidir le luach poiblí a sheachadadh a chinntiú? | |

***Ní mór d'iarratasóir scór 50% ar a laghad a bhaint amach faoi gach critéar le bheith incháilithe chun maoiniú a fháil.***

## Maitrís Scórála an Mheasúnaithe Straitéisigh

| **Critéir:** | **Scór atá ar Fáil** |
|---|---|
| **Éagsúlacht na rannphháirtithe / rannpháirtíocht agus ionadaíocht:**<br>An méid a chuirfidh an togra le héagsúlacht na gcomhaltaí pobail nó na rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí an stáisiúin, agus an tionchar a bheidh aige ar éagsúlacht na hionadaíochta ag an stáisiún pobail.<br>An méid a éireoidh leis an mholadh maidir le heisiúint agus coinneáil deonaithe nua, lena n-áirítear maidir le traenáil agus forbairt, agus an tionchar ar éagsúlacht rannpháirtíochta nó ionadaíochta.<br>An méid atá an t-iarrthóir tar éis a thaispeáint faoi na seansanna go mbeidh an moladh ag freastal ar riachtanais na pobail agus ag neartú naisc laistigh den cheantar saincheadúnais na pobail.<br>An méid a thacaíonn an togra le tionscnaimh inrochtaineachta a chuireann ar chumas daoine faoi mhíchumas páirt níos leithne a ghlacadh i Meáin an Phobail. An méid a chuireann an tionscadal nó an ghníomhaíocht an Ghaeilge chun cinn sa phobal. | 30 |
| **Riachtanas straitéiseach, luach poiblí agus tógáil le haghaidh acmhainneacht fadtéarmach:**<br>An dtugann an tionscadal aghaidh ar riachtanas inléirithe agus an soláthraíonn sé torthaí a thugann luach ar airgead, nach mbeadh indéanta gan an maoiniú? An míníonn an togra an chaoi ar féidir na tairbhí agus na feabhsuithe a chothabháil tar éis dheireadh na tréimhse maoinithe?<br>An féidir leis an tionscadal an eagraíocht a fhágáil níos láidre, níos athléimní agus níos fearr in ann freastal ar a pobal tar éis dheireadh na maoinithe?<br>An soláthróidh an tionscadal buntáistí suntasacha, cuimsitheacha agus buana do phobail, agus an gcuirfidh sé le hearnáil na Meán Pobail a bheith níos láidre? | 20 |
| **Scór Measúnaithe Cáilíochtúil:** *Scór arna bhronnadh ag an bPainéal Measúnaithe Cáilíochtúil.* | /100 |